



# PrecisionMedical



## AIR-OXYGEN BLENDER

(Ceangail DISS agus NIST)

**Uimhir shamhla.**  
Sraith PM5200  
Sraith PM5300(léirithe)

**AIRE**

De réir dlí feidearálach (SAM), tá srian ar an táirge seo a dhíol le héinne nó a chur ar ordú ó éinne nach cliniceoir iad.



# CLÁR ÁBHAIR

Ag glacadh / iniúchadh.....	2
Úsáid Bheartaithe.....	2
Léigh gach treoir roimh úsáid .....	2
Cur síos ar Ghiorrúcháin.....	2
Eolas sábháilteachta - rabhaidh agus aire.....	3
Sonraíochtaí .....	5
Sonraíochtaí leanúnaithe .....	6
Léaráidí .....	7
Cur síos comhpháirte .....	8
Tástáil roimh úsáid .....	9
Tástáil Aláram .....	10
Tiontaigh gnás sreabhadh gáis .....	10
Treoracha oibriúcháin .....	11
Ag glanadh.....	11
Oiriúintí.....	12
Cothabháil.....	13
Cur síos teicniúil .....	13
Aisbhúilí .....	13
Treoracha diúscartha.....	13
Fabhtcheartú .....	14
Baránta teoranta agus teorannú ar dhliteanas.....	15

# AG GLACADH / INIÚCHADH

Bain Air-Oxygen Blender Precision Medical, Inc. ón phacáistiú agus déan scrúdú fá choinne damáiste. Má tá aon damáiste ann, NÁ HÚSÁID agus déan teagmháil le Soláthróir s'agat.

## ÚSÁID BHEARTAITHE

Dáileann Air-Oxygen Blender Precision Medical, Inc. meascán d'aer agus ocsaigin USP leanúnach agus beacht fríd port asraonta chuig othar leanbh, péidiatrach agus aosach. Baineann meascán gáis an Fractional Concentration of Inspired Oxygen (FIO<sub>2</sub>) leis an diail i socrú FIO<sub>2</sub> atá ráite ag an cnaipe rialúchán (diail).

## LÉIGH GACH TREOIR ROIMH ÚSÁID

Tugann an lámhleabhar seo treoir don duine proifisiúnta chun suiteáil a dhéanamh agus an Air-Oxygen Blender a oibriú. Cuirtear seo ar fáil fá choinne sábháilteacht s'agat agus chun cosc a chur ar damáiste leis an Air-Oxygen Blender. Mura dtuigeann tú an lámhleabhar seo, NA HÚSÁID an Air-Oxygen Blender agus déan teagmháil le Soláthróir s'agat.

### CONTÚIRT

Ní hí aidhm an táirge seo cothaitheach saoil nó tacaíocht saoil.

## CUR SÍOS AR GHIORRÚCHÁIN

FIO <sub>2</sub>	Dlúthán Codánach d'Ocsaigin Spreagtha
DISS	Córas slándála iárlíne innéacsaithe
NIST	Snáithe scríú neamh-inmhalartaithe
psi	Punt an orlaigh chearnaithe
l/nóim	Lítear an nóiméid

# EOLAS SÁBHÁILTEACHTA - RABHAIDH AGUS AIRE



## CONTÚIRT

Léiríonn sé cás baolach láithreach le bás nó gortú mar thoradh air, mura ndéantar é a sheachaint.



## RABHADH

Léiríonn sé cás baolach ar féidir bás nó gortú a bheith mar thoradh air, mura ndéantar é a sheachaint.

## AIRE

Léiríonn sé cás baolach ar féidir mionghortú nó gortú measartha tarlú, mura ndéantar é a sheachaint.

## AIRE


Is féidir damáiste réadmhaoine tarlú mar thoradh ar úsáid gan an siombail rabhadh sábháilteachta, a chuireann cás baolach in iúl.



nó



BREATHNAIGH AR NA DOICIMÉID A THAGANN LEIS



Siombail fá choinne “NÁ HÚSÁID OLA”

## RABHADH

Níor cheart ach pearsanra a bhfuil oiliúint orthu faoi mhaoirseacht dochtúir ceadúnaithe an Air-Oxygen Blender a úsáid.

Bain úsáid as Air-Oxygen Blender fá choinne na haidhmeanna beartaithe amháin atá luaite sa lámhleabhar seo.

Deimhnigh an méid ordaithe sula dtugtar don othar é. Chun monatóireacht a dhéanamh, úsáid gléas a chomhlíonann ISO 80601-2-55.

Beidh seirbhísiú á dhéanamh ar an Air-Oxygen Blender ag teicneoir seirbhíse cáilithe.

Lean caighdeán ANSI agus CGA i gcónaí fá choinne Táirge Leighis Gás, Sreabhmhéadar agus Láimhseáil Ocsaigine.

Níl an meascthoir gáis aonarach fóirsteanach fá choinne úsáid le O2 93.

## RABHADH

Ba chóir Anailísigh/Monatóir Ocsaigine a úsáid chun dlúthán ocsaigine a dheimhniú.

Beidh tionchair déanta ar chruinneas dlúthán ocsaigine muna bhfuil sceith lasta ag socruithe srutha faoi 15 l/nóim fá choinne an Blender Ard Sruth, agus 3 l/nóim fá choinne an Blender Íseal Sruth.

NÁ cuir bac leis an aláram.

NÁ HÚSÁID an Blender nuair atá an t-aláram ag fuaimniú.

NÁ HÚSÁID ola isteach nó thart ar an Blender.

NÁ cuir bac le port sceitheadh ar an asraon inneall cúnta don Blender.

NÁ húsáid in aice le lasair ar bith nó substaint atá inlasta/pléascach, gail nó atmaisféar.

Ní rothlaíonn an Diall Dlúthán Ocsaigine 360 céim. Déanfaidh brú ar an diall níos lú na 21% nó níos mó ná 100% ocsaigin a thabhairt, damáiste don Blender.

Ná cuir Blender thíos faoi fhoinsí teasa breise taobh amuigh do na teochtaí oibriú atá ráite.

Cas as an Sceitheadh nuair nach mbíonn an Cumascóir in úsáid nó nuair a bhíonn níos mó ná 3 l/nóim. nó 15 l/nóim. á úsáid, chun cur amú gáis a laghdú agus an riosca adhainte a laghdú

## AIRE

Múch an soláthar gáis nuair nach bhfuil an Air-Oxygen Blender in úsáid.

Déan an Air-Oxygen Blender a stóráil in áit glan, tirim nuair nach bhfuil sé in úsáid.

Is féidir ábhar feiriúil maighnéadach a bheith san Air-Oxygen Blender ar féidir tionchar a bheith acu ar thorthaí MRI.

Cinntigh go bhfuil gach nasc daingean agus saor ó sceitheadh.

Seachain brú iomarcach níos mó na 100 psi (6.9 bar) agus brú a chur ar ionraon Blender.

NÁ galaigh uathchlábh.

NÁ cuir Air-Oxygen Blender le leacht ar bith.

NÁ gas steiriligh le EtO (Ocsaíd Eitiléine).

NÁ HÚSÁID má tá salachar nó truailliú isteach nó thart ar an Blender nó gléasanna a cheanglaíonn leis.

Ná caith tobac in áit a bhfuil ocsaigin á thabhairt.

NÁ glan le hidreacarbóin aramatach.

Caithfidh brú ionraonta gléis atá in úsáid le Blender a bheith mar an gcéanna le brú ionraonta Blender.

Nuair atá foinse gáis ardbhrú buidéalaithe in úsáid, bain úsáid as rialaitheoir a laghdaíonn brú idir 30-75 psi (2.1-5.2 bar).

# SONRAÍOCHTAÍ

Samhail	PM5200 Sreabhadh ard		PM5300 Sreabhadh íseal	
Príomhasraon Réimse Sreafa	15 - 120 l/nóim		3 - 30 l/nóim	
	Leis an bheirt brú soláthar ag 50 psi (3.4 bar) leis an SCEITHEADH druidte			
Asraon inneall cúnta Réimse Sreafa	2 - 100 l/nóim		0 - 30 l/nóim	
	Leis an dá bhrú soláthair ag 50 psi (3.4 bar) leis an SCEITHEADH oscailte			
Sreabhadh sceitheadh	13 l/nóim nó níos lú at 50 psi (3.4 bar)		3 l/nóim nó níos lú at 50 psi (3.4 bar)	
Uasmhéid measctha Sreabhadh (Asraonta uile)	≥ 120 l/nóim		≥ 30 l/nóim	
Sreabhadh seachshlí (Cailleadh soláthar Aeir nó Ocsaigine)	> 85 l/nóim		> 45 l/nóim	
Gníomhachtú Aláram Seach-chonair	50 psi (3.45 bar)	60 psi (4.14 bar)	50 psi (3.45 bar)	60 psi (4.14 bar)
	13-25 psi	16-24 psi	18-22 psi	16-24 psi
	0.9-1.7 bar	1.1-1.65 bar	1.2-1.5 bar	1.1-1.65 bar

**Athshocraigh aláram:** Nuair atá difríocht brú 6 psi (0.4 bar) nó níos lú.

**Leibhéal Fuaime Aláram:** ≥ go 80 db ag 1 troigh (0.3 m)

**Réimse athraithe Dlúthán Ocsaigine:** 21 - 100%

**Brú soláthar gáis:** 30 - 75 psi (2.1 - 5.2 bar)  
Aer agus Ocsaigin laistigh de 10 psi (0.69 bar) dá chéile

**Cobhsaíocht gás measctha:** ±1% Ocsaigin

**Cineálacha ceangail:** Cineál -- Ionraon & Asraon Aeir & Ocsaigine DISS agus / nó Cineál -- Ionraon & Asraon Aeir & Ocsaigine NIST

**Nóta:** Tá réimsí ráta sreafa mar atá á thomhais ó shreabhmhéadar Ocsaigine (neamhcheartaithe).

# SONRAÍOCHTAÍ leanúnaithe

## Tomhais: (gan fheistiú)

Doimhneacht: 4.9 in (12.5 cm)

Leithead: 2.3 in (5.7 cm)

Airde: 4.1 in (10.4 cm)

Meáchan: 2.29 lbs (1.04 kg)

Meáchan seolta: 2.95 lbs (1.34 kg)

Réimse Teocht Oibrithe: 59°F go 104°F (15°C go 40°C)

## Riachtanais Iompair / Stórála

Réimse Teochta: -10°F go 140°F (-23°C go 60°C)

Bogthaise: Uasmhéid 95% neamhchoimrithe

FIO<sub>2</sub> Cruinneas:\* ± 3% scála iomlán

## Laghdú Brú:

**Sreabhadh íseal:** ≤ 2 psi (0.14 bar) ag brú ionraon ó 30-90 psi (2.1- 6.2 bar) agus ag 10 l/nóim ráta sreabhaidh ag 60% FIO<sub>2</sub>.

**Sreabhadh ard:** ≤ 3 psi (0.21 bar) ag brú ionraon ó 30-90 psi (2.1- 6.2 bar) agus ag 30 l/nóim ráta sreabhaidh ag 60% FIO<sub>2</sub>.

Glantar an Air-Oxygen Blender fá choinne Seirbhís Ocsaigine roimh seoladh.

Comhlíonann an sreabhadh gáis Air-Oxygen Blender tiontaithe thart le clásál 9, ISO 11195:2018.

Ba chóir go gcomhlíonann an Anailísigh Ocsaigine le ISO 80601-2-55.

## Comhdhéanamh agus Tirimeacht fá choinne gáis ionraoin:

**Aer:** Ba chóir soláthar Aer Leighis riachtanais ANSI Z86.1-1973 sonraíocht d'aer tráchtarra cineál 1 grád D nó níos fearr a bhualadh.

**Ocsaigin:** Ba chóir go mbuaileann soláthar ocsaigine riachtanais uile USP Grád Ocsaigin Leighis.

**Pointe drúchta:** Ba chóir go bhfanann an dá ionraon ag 10°F (5.55°C) nó níos mó faoin teocht is ísle ina bhfuil an trealamh córas dáilleadh riachtanais CE aer faoi. Ag teocht 25°F (-3.9°C) agus brú 90 psi (6.33 kg/cm<sup>2</sup>) ionann seo agus 2000 mg/m<sup>3</sup>.

\* Beidh tionchair déanta ar chruinneas dlúthán ocsaigine mura bhfuil sceith lasta ag socruithe srutha faoi 15 l/nóim fá choinne an Blender ard sruth, agus 3 l/nóim fá choinne an Blender íseal sruth.

Is féidir sonraíochtaí a athrú gan fógra a thabhairt.


# LÉARÁIDÍ

## AIRE



Caithfidh lipéid atá ar iarraidh nó doléite a bheith athruithe, déan teagmháil le Precision Medical, Inc.

**Ag brath ar an samhail, thig le feistiú agus/nó lipéadú s'agat a bheith difriúil ó na léaráidí seo.**

Samhail PM5300



Samhail PM5200





# CUR SÍOS COMHPHÁIRTE

Earra	CUR SÍOS
<b>A</b>	<b>Diall Dlúthán Ocsaigine</b> Diall a úsáidtear fá choinne dlúthán ocsaigine idir 21%-100%. Tá an scála FIO <sub>2</sub> in úsáid mar thagairt amháin. <b>Ní rothlaíonn an Diall seo 360°.</b> Tosaíonn an diall ag 21% agus críochnaíonn sé ag 100%.
<b>B</b>	<b>Port Príomh Asraon</b> Feistiú ocsaigine DISS fireann le comhla seicthe a sheolann sreabhadh nuair a bhuaileann sé gléas rialaithe ar bith, ar nós sreabhmhéadar.
<b>C</b>	<b>Port Asraoin inneall cúnta</b> Feistiú ocsaigine DISS fireann le comhla seicthe a sheolann sreabhadh nuair a bhuaileann sé gléas rialaithe ar bith, ar nós sreabhmhéadar. Tá comhla sceitheadh ag an t-asraon a ligeann don úsáideoir sceitheamh a rialú. Le sceitheadh ar an suíomh LASTA, tugann an t-asraon seo dlúthán ocsaigine beacht sna sreabhadh seo a leanas: <b>Samhail Réimse Sreafa</b> Ardsreabhadh            2 – 100 l/nóim Sreabhadh íseal        0 – 30 l/nóim
<b>D</b>	<b>Bóna sceitheadh inneal cúnta</b> Baintear úsáid as an bóna chun an sceitheadh a thioseacht agus a stopadh. Tá an sceitheadh de dhíth chun Dlúthán cruinn FIO <sub>2a</sub> chothabháil thíos 15 l/nóim don ardsreabhadh agus ≤ 3 l/nóim don sreabhadh íseal. Chun sceitheadh a chur i bhfeidhm, sleamhnaigh agus tiontaigh (más gá) an coiléar go dtí go ndéanann sé teagmháil leis an chlúdach. Chun sceitheadh a chur as feidhm agus a rothlú (más gá) tiontaigh ar shiúl ón chlúdach é go dtí go mbaineann sé stad dearfach amach.
<b>E</b>	<b>Feiste Ionraoin Ocsaigine</b> Feistiú ocsaigine DISS nó NIST a bhaineann le comhla bealach amháin a úsáidtear chun ocsaigin a cheangail le próbán soláthair.

## CUR SÍOS COMHPHÁIRTE <sup>1</sup>leanúnaithe

Earra	CUR SÍOS
<b>F</b>	<b>Feiste Ionraoin Aeir</b> Feistiú aeir DISS nó NIST fireann le comhla bealach amháin a úsáidtear chun aer a cheangail le píobán soláthar.
<b>G</b>	<b>Aláram</b> Aláram inchloiste a fhuaimníonn mar gheall ar iomarca laghdú brú nó baineadh soláthar gáis.
<b>H</b>	<b>Asraon Iolracháin (Roghnach)</b> Iolraigh le 3 phríomhasraon.
<b>I</b>	<b>Feiste sleamhnán ar chúl</b> le déadalt.

## TÁSTÁIL ROIMH ÚSÁID

### RABHADH

Léigh an Lámhleabhar Úsáideora seo sula ndéantar suiteáil nó sula mbaintear úsáid as an Air-Oxygen Blender.

Deimhnigh an dlúthán don aer/ocsaigin leis an Anailísigh/Monatóir Ocsaigine.

### AIRE

Déan scrúdú ar an Air-Oxygen Blender fá choinne damáiste físiúil sula úsáidtear, NÁ HÚSÁID má tá damáiste déanta.

**NÓTA:** Ba chóir na tástálacha thíos a dhéanamh roimh an Blender a chur i seirbhís.

### Clúdaíonn Tástáil roimh úsáid:

Tástáil Aláram

Tiontaigh Gnás Sreabhadh Gáis

1. Ceangail an Air-Oxygen Blender le balla nó brac cuaille ina seasamh.
2. Tá sé molta gaiste bogthaise sa líne soláthar aeir.
3. Ceangail línte soláthair aeir agus ocsaigine leis na feistigh ionraonta fóirsteanacha ar bhun an Blender.
4. Ceangail sreabhmhéadar, nó gléas tomhais eile le port asraon amháin agus cinntigh FIO<sub>2</sub> réimse do chruinneas le hanailísí ocsaigin.

### **Toilleadh Sreabhadh Príomh Asraon:**

- Blender ard sreabhadh (Samhail PM 5200) 15 l/nóim go 120 l/nóim
- Blender ard sreabhadh (Samhail PM 5300) 3 l/nóim go 30 l/nóim

### **Asraon inneall cúnta:**

Fanann an sreabhadh agus an FIO<sub>2</sub> cruinneas céanna leis an asraon sreabhadh inneall cúnta mar gheall nach bhfuil Príomh Asraon le comhla sceite ar siúl. Nuair atá an sreabhadh sceite ar siúl, rachaidh cuid don aer/ ocsaigin chuig atmaisféar le cothabháil a dhéanamh FIO<sub>2</sub> ar chruinneas dlútháin ag na socruithe íseal sreabhadh.

**Blender ard sreabhadh (Samhail PM 5200) 15 l/nóim nó níos lú**  
**Blender sreabhadh íseal (Samhail PM 5300) 3 l/nóim nó níos lú**

5. Ceangail líne soláthair leis an port asraoin don sreabhmhéadar.

## **TÁSTÁIL ALÁRAM**

1. Ceangail an Air-Oxygen Blender le foinsí aer agus ocsaigine, cuir brú ar an Blender agus brú “ON” ar an sreabhmhéadar.
2. Cuir an Diail Dlúthán Ocsaigine chuig 60% FIO<sub>2</sub>.
3. Dícheangail nó cas “OFF” an soláthar aer leis an Air-Oxygen Blender. Ba chóir go mbeadh fuaim feadóige ard ag an Blender mar aláram. Taispeánann an fheadóg go bhfuil an t-aláram ag obair i gceart.
4. Athcheangail agus gníomhaigh an líne soláthar aer leis an Blender, ba chóir go stopann an t-aláram.
5. Dícheangail nó cas “OFF” an líne soláthar ocsaigine leis an Blender. Taispeánann an fheadóg go bhfuil an t-aláram ag obair i gceart.
6. Athcheangail agus gníomhaigh an líne soláthar ocsaigin leis an Blender, ba chóir go stopann an t-aláram.
7. Mura bhfuil an t-aláram ag obair i gceart, NÁ HÚSÁID.

## **TIONTAIGH GNÁS SREABHADH GÁIS**

1. Dícheangail an próbán ocsaigine ón fhoinsé gáis. Bain ceangail asraoin uile ón Blender chun cinntiú nach bhfuil sreabhadh asraoin ann.
2. Déan seic fá choinne sceite tar éis comhla seiceáil an t-ionraon ocsaigine agus tú ag méadú brú soláthar aer ó 30-75 psi (2.07-5.17 bar).
3. Athraigh an Comhla Seicthe Duckbill san ionraon ocsaigine má tá an sceitheamh > 100 ml/nóim. Déan tagairt don Lámhleabhar seirbhíse Air-Oxygen Blender (P/N 504827.)
4. Athdhéan céimeanna 1-3 chun seic a dhéanamh fá choinne aon sceitheadh thar an chomhla seicthe ionraoin aer.

# TREORACHA OIBRIÚCHÁIN

## AIRE

Déan scrúdú ar an Air-Oxygen Blender fá choinne damáiste físiúil sula úsáidtear, NÁ HÚSÁID má tá damáiste déanta.

1. Ceangail Blender le balla nó le brac feiste polla.
2. Ceangail línte soláthar Aeir agus Ocsaigine ón Blender go dtí asraon balla.
3. Ceangail sreabhmhéadar le hasraon Blender.
4. Athraigh an Diall Dlúthán Ocsaigine chuig an dlúthán ordaithe.  
**NÓTA:** Ní rothlaíonn an Diall Dlúthán Ocsaigine 360 céim.°. **NÁ** cuir brú ar an diall níos lú na 21% nó níos mó na 100% ocsaigine a thabhairt, déanfaidh seo damáiste don Blender.
5. Deimhnigh sreabhadh an aeir agus/nó meascán ocsaigine leis an othar.
6. Deimhnigh an dlúthán don aer/ocsaigin leis an Anailísigh/Monatóir Ocsaigine. Má chaithfear sreabhadh sceite a chuir ar siúl chun cothabháil a dhéanamh FIO<sub>2</sub> ar chruinneas.
7. Chun sceitheadh a chur i bhfeidhm, tiontaigh an coiléar go dtí go ndéanann sé teagmháil leis an chlúdach.
8. Chun sceitheadh a chur as feidhm, tarraing agus tiontaigh an coiléar ar shiúl ón chlúdach go dtí go bhfuil comhla sreabhadh an sceitheadh druidte.
9. Cas an soláthar gáis “OFF” nuair nach bhfuil an Air-Oxygen Blender in úsáid.

## AG GLANADH

### AIRE

**NÁ** galaigh uathchlábh.

**NÁ** cuir an Air-Oxygen Blender le leacht ar bith.

**NÁ HÚSÁID** aon earraí glantóireachta tuaslagach nó scríobach atá láidir.

**NÁ** gás steiriligh le EtO (Ocsaíd Eitiléine).

**NÁ** glan le hidreacarbóin aramatach.

**NÁ** lig don leacht dul isteach sa ghléas.

**NÁ** gás nó teas steiriligh.

1. Dícheangail ceangail gáis agus trealamh uile roimh glantóireacht.
2. Druid Comhla Sceite chun cinntiú nach bhfuil an O-Ring oscailte.
3. Glan dromchla seachtrach ag baint úsáid as ceirtíní indiúscartha geirmicídí Sani-Cloth. Bain truailliú infheicthe uile ó dhromchla seachtrach an ghléis agus oiriúintí a thagann leis. Déan cinnte go ndéantar scrúdú air agus go mbaintear truailliú ó fhraitheacha agus duibheagán an ghléis ar féidir truailliú a sháinniú. Glan le tuáille páipéir chun salachar a bhaint.

4. I ndiaidh truailliú infheicthe a bhaint, bain úsáid as ceirtín geirmicíde chun dromchla an ghléis agus oiriúintí a ghlanadh. Lig dó a bheith fliuch ar feadh 4 nóiméad. Bain úsáid as ceirtín breise más gá chun cinntiú go bhfuil dromchla fliuch ar feadh 4 nóiméad go leanúnach.
5. Lig don ghléas triomú go hiomlán.
6. Déan scrúdú físiúil ar an ghléas fá choinne truaillithe infheicthe. Athdhéan an phróiseas glanadh/díghalraithe más gá.

## OIRIÚINTÍ (Ar díol leo féin ♦*Nil siad marcáilte le CE*)

### Monatóireacht Ocsaigine PM5900♦

Oiriúint molta chun dlúthán ocsaigine a chinntiú.

### Gaiste bogthaise PM15-45♦

Is féidir oiriúint roghnach a chuir le hionraon aeir an Blender chun bogthaise uisce a cheapadh.

### Feiste balla 504776♦

Oiriúint molta Blender leis an bhalla don áis

#### AIRE

Déan scrúdú ar chóimeáil balla chun cinntiú go bhfuil an blender ceangailte go daingean.

Déan scrúdú ar an Air-Oxygen Blender fá choinne damáiste físiúil sula úsáidtear. **NÁ HÚSÁID** má tá damáiste déanta.

### 504778 Feiste polla♦

Oiriúint roghnach feiste chun Blender a cheangail le polla IV

#### AIRE

Déan scrúdú ar chóimeáil polla chun cinntiú go bhfuil an blender ceangailte go daingean.

Déan scrúdú ar an Air-Oxygen Blender fá choinne damáiste físiúil sula úsáidtear. **NÁ HÚSÁID** má tá damáiste déanta.

### Sreabhmhéadar\*

Ceangail le hasraon an Blender chun sraon a chur ar shruth lítear gáis measctha atá le seoladh chuig an othar.

#### AIRE

Caitheadh Sreabhmhéadair a oibriú leis an bhFeadán Sreafa i suíomh díreach, ingearach. **NÁ** hoibrigh sreabhmhéadar thart ar thimpeallacht leictreastatach.

### Tionól Píobán Ocsaigine♦\*

Ceangail le soláthar Ocsaigine Leighis leis an Blender

### Tionól Píobán Aeir♦\*

Ceangail le soláthar Aer Leighis leis an Blender

*\*De dhíth fá choinne oibriúcháin sábháilte*

## COTHABHÁIL

Caithfidh an chothabháil seo a leanas ar an Air-Oxygen Blender a bheith déanta ag teicneoir seirbhíse le hoiliúint:

Ba chóir tástáil a dhéanamh ar an aláram sula gcuirtear chuig seirbhís chliniciúil é agus go tréimhsiúil ina dhiaidh seo.

Gach bliain déan an Gnás Fíorúchán Oibriúcháin (OVP).

\*Is féidir cur síos níos doimhne a fháil do na scrúduithe OVP i Lámhleabhar Seirbhíse Blender (P/N 504827), atá ar fáil ar suíomh s'againn.

Ba chóir seirbhísiú a dhéanamh ar an Air-Oxygen Blender gach 2 bhliain.

**PM5200** (P/N 505407)    **PM5300** (P/N 504932)

Déan tagairt don Lámhleabhar Seirbhíse Air-Oxygen Blender fá choinne eolas iomlán maidir le cothabháil agus tástáil.

## CUR SÍOS TEICNIÚIL

Fá choinne cur síos Teicniúil iomlán don Air-Oxygen Blender agus liosta páirteanna ionaid, déan tagairt don Lámhleabhar Seirbhíse Air-Oxygen Blender ar suíomh s'againn.


## AISBHUILLÍ

Caithfidh uimhir Údaraithe Earraí Fillte (RGA) a bheith ag táirge a chuirtear ar ais, déan teagmháil le Precision Medical, Inc. Caithfidh aon táirge atá curtha ar ais a bheith clúdaithe i gcoimeádán atá dúnta go daingean chun cosc a chur le damáiste a dhéanamh. Ní bheidh Precision Medical, Inc. freagrach fá choinne damáiste atá déanta le hearraí ar an mbealach. Déan tagairt don Precision Medical, Inc. Return Policy ar shuíomh s'againn.

## TREORACHA DIÚSCARTHA

Níl ábhar dochrach sa ghléas nó sa phacáistiú seo. Ní chaithear réamhchúram speisialta a ghlacadh nuair a chaitear amach an gléas agus/nó an pacáistiú.

**Athchúrsáil le do thoil**



# FABHTCHEARTÚ

Mura n-oibríonn an Air-Oxygen Blender, féach sa Treoir Fabhtcheartú thíos. Murar féidir an fhadhb a réiteach leis an Treoir Fabhtcheartaithe, déan tagairt don Lámhleabhair Seirbhís Air-Oxygen Blender nó déan teagmháil le soláthróir s’agat.

Fadhb	Fadhb dóchúil	Leigheas
<p><b>Neamhréir dlúthán ocsaigine idir shocrú Blender agus Anailísí/Monatóir (níos mó na 3%)</b></p>	<ol style="list-style-type: none"> <li>Samhail Ardsreabhaidh, riachtanais sreabhaidh faoi 15 l/nóim.  Samhail sreabhaidh íseal, riachtanais sreabhaidh thíos 3 l/nóim.</li> <li>Anailísigh/Monatóir mícheart</li> <li>Bac curtha le sceitheadh sreabhaidh íseal</li> <li>Truailliú sa sholáthar gáis</li> <li>Gléas sruth íoslódála ag déanamh cúl sreabhaidh nó ag cuir bac ar shreabhadh.</li> </ol>	<ol style="list-style-type: none"> <li>Bain úsáid as asraon inneall cúnta &amp; tosaigh sceite</li> <li>Athchalabraigh Anailísigh/Monatóir nó Deimhnigh leis an dara Anailísigh/Monatóir.</li> <li>Bain an bac</li> <li>Déan seic ar foinsí gáis le hAnailísí/Monatóir Ocsaigine chun cinntiú go bhfuil Ocsaigin ag 100% agus go bhfuil Aer ag 21%</li> <li>Scar Blender. Déan seic ar dhlúthán ocsaigine ag Asraonta Blender.</li> </ol>
<p><b>Níl sreabhadh ag Asraonta Blender</b></p>	<ol style="list-style-type: none"> <li>Foinsí gáis tiontaithe go “OFF”</li> <li>Níl foinsí gáis ceangailte</li> </ol>	<ol style="list-style-type: none"> <li>Cuir foinsí gáis go “ON”</li> <li>Ceangail foinsí gáis</li> </ol>
<p><b>Aláram ag dul</b></p>	<ol style="list-style-type: none"> <li>Difir idir bhrú lonraon Ocsaigine agus Aeir níos mó na mar atá ráite</li> </ol>	<ol style="list-style-type: none"> <li>Ceartaigh difríocht brú go dtí go bhfuil brú Aeir agus Ocsaigine laistigh don sonraíocht</li> </ol>
<p><b>Teip ar an Soláthar Gáis</b></p>	<ol style="list-style-type: none"> <li>Tá gás á sholáthar laistigh de theorainneacha oibriúcháin an Chumascóra</li> </ol>	<ol style="list-style-type: none"> <li>Dícheangail na gáis go léir chun FUAIM A MHÚCHADH agus fabhtcheartú a dhéanamh</li> </ol>

## BARÁNTA TEORANTA AGUS TEORANNÚ AR DHLITEANAS

Éilíonn Precision Medical, Inc. go mbeidh an Blender (an táirge) saor ó aon fhabht oibre agus/nó ábhar don tréimhse a leanas:

Dhá (2) bhliain ó sheoladh

Má theipeann ar aon chomhfhóirigh don bharánta seo le linn an tréimhse infheidhme, ceartóidh Precision Medical, Inc. an fabht le cóiríú oiriúnach nó athsholáthar ar a chostas féin, ar fhógra scríofa agus bunús go raibh na hearraí á stóráil, á shuiteáil, á chothabháil agus oibrithe de réir treoracha Precision Medical, Inc. agus cleachtadh caighdeánach tionsclaíochta, agus nach bhfuil aon athruithe, ionadaithe nó leasuithe déanta leis na hearraí.

NÍ HIONANN RÁITEAS Ó BHÉAL AGUS BARÁNTA.

Níl cead ag ionadaí Precision Medical, Inc. nó aon mhiondíoltóir baránta ó bhéal a thabhairt faoi na hearraí atá sa chonradh seo. Ní bheith aon mhúinín sna ráitis sin agus níl siad mar pháirt don chonradh atá ar díol. Mar sin de, is scríbhneoireacht deiridh, críochnaithe é seo agus eisiach do na téarmaí den chonradh sin.

TÁ AN BARÁNTA SEO EISIACH AGUS IN IONAD AON BHARÁNTA INDÍOLTACHTA, OIRIÚNACH FÁ CHOINNE AIDHM ÁIRITHE NÓ AON BHARÁNTA EILE CAIGHDEÁNACH, CIBÉ NOCHT NÓ INTUIGTHE.

Ní bheid Precision Medical, Inc., ar aon chúis, faoi dhliteanas fá choinne aon damáiste speisialta, teagmhasach nó iarmhartach ar nós brabús cailte, díolachán cailte, nó gortú duine nó réadmhaoine. Is é ceartú neamhchomhréireachtaí, mar a fhoráiltear thuas, comhlíonadh na ndlíteanas uile Precision Medical, Inc. cibé acu bunaithe ar chonradh, faille, tort docht nó eile. Tá sé de cheart ag Precision Medical, Inc. scoir de mhonarú aon táirge nó athrú a dhéanamh ar ábhar táirge, dearadh, nó sonraíocht gan fógra.

Tá sé de cheart ag Precision Medical, Inc. aon earráid chléireachais nó chló a athrú gan pionós.



300 Held Drive  
Northampton PA 18067, USA  
[www.precisionmedical.com](http://www.precisionmedical.com)

T: (+001) 610-262-6090 • F: (+001) 610-262-6080

**Deimhnithe ag ISO 13485**

### Coinníollach MR

Thig le Blenders Precision Medical atá marcáilte leis an siombail seo comhbhaill maignéadach, seoltach leictreach nó frithghníomhach radaimhinicíochta a bheith acu atá sábhailte fá choinne oibriú cóngarach le gléas MRI, má tá na coinníollacha a leanas san áireamh:

Ba chóir íosghaireacht 6 troithe (1.823 méadar nó taobh amuigh don líne Gauss 1000) cibé ceann atá níos faide ná an toll atá in úsáid.

Beidh gach gléas a úsáidtear in aice le scanóir MRI, Blender Precision Medical san áireamh, greamaithe go daingean chun bac a chur le bogadh neamhbheartaithe.

Ní bheid Blender Precision Medical in úsáid go cliniúil ag nó laistigh do chró scanóra MRI.

NÓTA TÁBHACHTACH: Tá sé mar aidhm an gléas seo a úsáid taobh istigh den timpeallacht MRI (mar shampla, laistigh den seomra chóras MR). Níor chóir é a úsáid taobh istigh den chóras MRI go díreach (mar shampla, taobh istigh de chró an scanóra), le linn an oibriúcháin (mar shampla., scanáil). Mar sin de, measúnú idirghníomhach réimse maignéadach don táirge seo atá bainte le luacháil do tharraingt aistriúcháin agus feidhm i dtaca le neamhchosaint le córas MR 3-Tesla, amháin.

